Clár

Admhálacha 2

Aidhmeanna 3

Réamhrá 4
- Tírdhreacha agus sceacha Chontae na Gaillimhe 4
- Luach na bhfálta sceach dúchasacha 4
- Stair na bhFálta Sceach i gContae na Gaillimhe 6
- Fálta Sceach faoi bhagairt 7

Fálta Sceach na Gaillimhe: torthaí ar shuirbhé ar fud an chontae 8

Toir agus crainn choitianta i bhfálta sceach 12

Caomhnú na bhfálta sceach 16
- Na saincheisteanna 16

Moltaí um chaomhnú fálta sceach 17
- Treoracha um bhainistiú fhálta sceach 17
- Fálta sceach a chosaint i bhforbairtí nua 18
  - Conas fálta sceach atá ann a choinneáil 18
  - Conas fál sceach a bhogadh 18
  - Conas seanfhál sceach a athnuachan 19
- Fálta sceach dúchasacha nua a chur 19

Aguisín 1: Teagmhálacha úsáideacha 22
Aguisín 2: Crainn agus toir fhálta sceach dúchasacha agus a gcuid airíonna 23

Foilsithe ag:
Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Téacs: Dr. Janice Fuller, Ballyshea, Craughwell, Co. Galway.
Grianghraif, clúdaigh tosaigh agus cúil: Dave Ruffles
Grianghraif: Janice Fuller
Deartha agus curtha i gcló ag Castle Print, Gaillimh

Copyright © 2008

Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh nó a tharchur, in aon fhormáid nó trí aon bhealach, nó a stóráil i gcóras aisghabhála d'aon chineál gan cead i scríbhinn óna húdair agus na foilsitheoirí.

Galway County Council
Comhairle Chontae na Gaillimhe

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Admhálacha

Ba mhaith leis an údar buíochas a ghabháil le Marie Mannion (Oifigeach Oidhreachta), Bríd Higgins (Oifigeach Oidhreachta Gníomhach), Heather Lally, Karina Dingerjus (Seirbhísi Comhshaoil Giorria), Elaine O'Riordan (Bainisteoir Tionscadail Daoine agus Dúlra), Nick Marchant, Neil Foulkes, Anya Murray, Brídín Feeney (Roinn TF Chomhairle Contae na Gaillimhe),Tom Cuffe, Iarla Mac Aodhbhuí agus Niall Hatch as ucht a gcuid cúnaimh le gnéithe éagsúla den tionscadal seo, agus leis na húinéirí talún uile a thug cead rochtana dúinn ar a gcuid talún le linn na suirbhéanna ar fhálta sceach.

Aidhmeanna

Is í aidhmeanna an leabhráin seo…

Cosaint agus caomhnú fhálta sceach dúchasacha a chur chun cinn i nGaillimh

Daoine i nGaillimh a spreagadh chun fálta sceach dúchasacha a chur.

Daoine a spreagadh chun fálta sceach dúchasacha a choinneáil ar shuímh nua forbartha.

Léireoidh an leabhrán seo gur iomaí leas a dhéanann fálta sceach d'fhiadhúlra, do thírdhreacha agus don chomhshaol agus taispeánfaidh sé go gcuireann fálta sceach dúchasacha le háilleacht na ngairdíní, na spásanna glasa poiblí, agus na dtírdhreacha uirbeacha agus tuaithe.

Cosnaítear tréith na tuaithe i dtírdhreach na Gaillimhe nuair a choinnítear fálta sceach, cuirtear go mór le luach aeistéitiúil, comhshaoil agus fiadhúlra, agus sábháiltear airgead ar thírdhreachú.

Soláthraítear sa leabhrán seo

- Torthaí suirbhé a rinneadh ar fud an chontae faoi chomhdhéanamh, struchtúr agus stádas bainistithe fhálta sceach i nGaillimh.
- Moltaí caomhnaithe agus treoracha bainistithe d'acmhainn fálta sceach na Gaillimhe.
- Comhairle agus faisnéis phraiticiúil faoin gcaoi ar féidir fálta a chosaint i bhforbairtí nua agus fálta sceach dúchasacha nua a chur.

Réamhrá

Tírdhreacha agus sceacha Chontae na Gaillimhe

Nuair a smaoinímid ar cheantar tuaithe na Gaillimhe bíonn íomhánna de pháirceanna glasa agus de bhallaí cloiche againn de ghnáth. Ach tá fálta sceach le feiceáil go coitianta chomh maith i nGaillimh, go háirithe in oirthear an chontae. Cuireann gréasán ilchasta na mballaí cloiche agus na bhfálta sceach struchtúr agus dath le tírdhreacha na Gaillimhe agus déanann spéisiúil iad. Is cuid thábhachtach d'oidhreacht stairiúil agus chultúrtha na tuaithe i nGaillimh é an líonra seo.

Tírdhreach íseal, cnocánach tonnúil atá i gContae na Gaillimhe lastoir de Loch Coirib, gan ardtailte suntasacha ar bith (seachas Sliabh Eachta i ndeisceart na Gaillimhe). Tá an tírdhreach clúdaithe le féarach de chaighdeáin éagsúla, agus is talamh feabhsaithe féarach cuid mhaith de ar ithreacha aolsaibhre deathaoscaithe. Bíonn mósáic de bhallaí cloiche agus d'fhálta sceach mar theorannacha páirce sna tírdhreacha talmhaíochta seo in Oirthear na Gaillimhe go hiondúil.

Tá talamh níos gairbhe le clúdach fásra an-difriúil in larthar na Gaillimhe. Cé go bhfuil tábhacht fós leis an talmhaíocht, cuireann ithreacha portaigh agus nochtadh teorainn léi. Tá cuid mhór de thírdhreach iarthar na Gaillimhe clúdaithe le bratphortach, fraoch agus féarach garbh. Níl fálta sceach chomh coitianta in iarthar an chontae agus tá siad teoranta do thailte ísle, in aice le sráidbhailte agus taobh leis na bóithre go minic.

Tá dath bríomhar an toir álainn, an fhiúise, an-suntasach i mbóthardhreacha an iarthair. Cé nach planda dúchasach í, tá sí ar a só in iarthar na hÉireann. Neamhchosúil leis an tor neamhdhúchasach ionraitheach Róslabhras, ní haon bhagairt í don bhfásra dúchasach.

Luach na bhfálta sceach dúchasacha

Is tearmann don bhfiadhúlra iad na fálta sceach dúchasacha faoin tuath i nGaillimh. Cruthaíonn siad conairí a cheadaíonn d'ainmhithe, idir bheag agus mhór, gluaiseacht tríd an tírdhreach, agus soláthraíonn bia agus foscadh riachtanach don bhfiadhúlra. Is áit folaigh iad na sceacha freisin do phlandaí agus d'ainmhithe coille i dtír ina bhfuil an choillearnach gann.

Sceacha agus fiadhúlra

Is féidir le fálta sceach dúchasacha tacaíocht a thabhairt do réimse ollmhór fiadhúlra. Achar amach uathu ní bhíonn an chuma ar sceacha go mbeadh a lán fiadhúlra iontu ach nuair a dhruidtear in aice leo is féidir a fheiceáil go bhfuil siad lán den bheatha.

Meastar go bhfuil os cionn 600 den 815 speiceas dúchais plandaí bláthanna in Éirinn le fáil i bhfálta sceach. Cuireann fálta sceach foinse shaibhir bia ar fáil (pailin, neachtar, duilleoga, torthaí, cnónna agus caora) do fheithidí, éin, mamaigh bheaga agus sluaite créatúir eile gan áireamh. Is í an sceach gheal an tor is coitianta inár bhfálta sceach, agus tugann sí cothú do timpeall 20 speiceas feithidí, a itheann na duilleoga óga agus an neachtar sna bláthanna.

Neadaíonn beagnach dhá thrian de speiceas éan na hÉireann i bhfálta sceach. Baineann éin bheaga ceoil ar nós na spideoige, an lasair choille, an rí rua agus an ghealbhain leas an gcosaint atá ar fáil sa sceach dheilgneach nuair a bhíonn ionad neide á roghnú acu.
Bíonn mamaigh bheaga, gráinneoga agus broic ina measc, ag póirseáil sna fálta sceach mar a bhíonn ialtóga a bhaineann leas as an bheatha shaibhir feithidi agus an foscadh a bhíonn ar fáil. Má chuirtear sceach ar bhanc cré, is féidir láithreacha a bheith ar fáil do bhrocaisí broc agus sionnach. Is féidir le hialtóga agus le héin ar nós na scréachóige cónaí i bpoill i seanchrainn na bhfálta sceach.

Baineann féileacáin go leor úsáide as taobh na fothaine de sceacha chun taisteal trasna an tírdhreacha. Bíonn foinsí bia le fáil acu freisin sna tomanna bláthanna agus i mbláthanna talún na bhfálta sceach.

Cuireann draenacha nó díoga taobh le fálta sceach áit chónaithe ar fáil do phlandaí uisce, inveirteabracha uisciúla agus froganna.

Bíonn tionchar ag struchtúr fisiceach sceiche ar a fhiúntas don bhfiadhúlra. Má bhíonn sceach scothánach nó dlúth, ard nó gearr, le crainn fhál sceach, bruach sceiche nó draenacha lán d'uisce socróidh sé sin réimse agus éagsúlacht an fhiadhúlra a fhaigheann tacaíocht uaithi.

Cóipcheart Grianghraif Tom Cuffe

Cóipcheart Grianghraif Shay Conolly, Birdwatch Ireland.

Feabhsaíonn fálta sceach scéimh an tírdhreacha chomh maith. Samhlaigh tírdhreach na tuaithe in Éirinn gan fálta sceach! Is cuid dár n'oidhreacht stairiúil, chultúrtha agus nádúrtha iad na fálta sceach agus cabhraíonn siad chun ómós áite a chruthú.

Cuireann fálta sceach foscadh agus scáthú ar fáil do thithíocht, cabhraíonn siad le daoine billí teasa a laghdú agus príobháideachas a chruthú. Is féidir le fálta sceach dúchasacha a bheith ina gcríocha an-tarraingteacha de thithe, fiú i bhforbairtí agus in eastáit mhóra. Is fearr go mór don chomhshaoil iad ná ballaí críche atá déanta de bhlocanna

coincréide.

Is feidhm thalmhaíoch is mó atá ag fálta sceach.

Cóipcheart Grianghraif Dave Ruffles

Rianann siad críocha na bpáirceanna agus feidhmíonn siad mar imfhálú stocdhíonach. Tugann sceacha foscadh ón ngaoth do stoc agus do bharraí. Cabhraíonn siad chomh maith le galair a iompraítear san aer a chosc, gluaiseacht uisce a rialú agus tuilte a chosc.

Is críocha beo iad fálta sceach agus ba chóir iad a chaomhnú go gníomhach.

Fálta Sceach dúchasacha

- ? feabhsaíonn siad scéimh thírdhreach na tuaithe.
- ? Tá siad an-luachmhar don bhfiadhúlra.
- ? Déanann siad scáthú ar radhairc mhíthaitneamhacha, ionsúnn siad torann agus tugann siad príobháideacht
- ? Tugann siad scáth agus foscadh ó na dúile; laghdaíonn siad costais théamh trí fhoscadh a thabhairt d'fhoirgnimh.
- ? Tugann siad foscadh ón ngaoth do stoc agus do bharraí.
- ? Cabhraíonn siad chun tuilte a chosc.
- ? Cabhraíonn le tithe agus foirgnimh nua neadú sa tírdhreach.

- ? Feabhsaíonn siad caighdeán an aeir i gceantair uirbeacha trí dheannach agus truailleáin aeir a scagadh, agus ocsaigin a scaoileadh amach.

Cén fáth sceacha dúchasacha?

Glactar leis gurb iad na speicis dhúchasacha plandaí nó ainmhithe na cinn sin a bhí in ann teacht go hÉirinn go nádúrtha, gan chabhair ó dhaoine. Is crann nó tor fíordhúchasach ceann a fhásann as síol Éireannach.

Tá crainn agus toir dhúchasacha oiriúnaithe do choinníollacha comhshaoil na hÉireann agus dá bharr sin is fearr a fhásann siad anseo. De ghnáth tugann siad tacaíocht do réimse ollmhór fiadhúlra mar go bhfuil siad i láthair i dtírdhreach na hÉireann leis na mílte bliain. Tugann an dair bia agus foscadh do os cionn 450 speiceas feithidí mar shampla. Gan trácht ar na héin, na hialtóga, na raithnigh, na caonaigh, na crotail agus na fungais a lorgaíonn bia, foscadh agus/nó ionaid fhara sa dair ghroí!

Tá soláthar na gcrann agus na dtor dúchasacha in Éirinn agus as síol Éireannach méadaithe le blianta beaga anuas mar gheall ar an méadú sa bhfeasacht faoi luach an stoic dhúchasaigh.

Stair na bhFálta Sceach i gContae na Gaillimhe

Ní raibh fálta sceach ina ngné shuntasach de thírdhreach na hÉireann go dtí lár an 18ú haois nuair a rinne tiarnaí talún fálú ar thalamh a bhí ina choimín chun páirceanna a dhéanamh. Chuaigh an fálú ar aghaidh go mall in iarthar na hÉireann i gcomparáid le háiteanna eile agus bhí sé teoranta do na heastáit mhóra ar feadh tamaill. Rinneadh fálú le ballaí cloiche i mórán ceantar i nGaillimh, chomh maith le fálta sceach a chur. Is dócha gur bunaíodh go leor fálta sceach trí sheans ar feadh bhallaí cloiche.

Bíonn sceacha críche bhailte fearainn i bhfad níos sine go minic ná sceacha críche páirceanna mar gur bunaíodh iad i roinnt cásanna chomh luath leis na meánaoiseanna déanacha. Bíonn bruacha agus díoga mar chríocha ar bhailte fearainn go minic agus toir fhálta sceach curtha orthu nó iad bunaithe orthu astu féin. Mar gheall ar a n-aois, is féidir go mbeadh flora níos ilghnéithí i gcríocha bhailte fearainn.

Le dianshaothrú na talmhaíochta baineadh fálta sceach amach go forleathan i mórán feirmeacha in Éirinn sna 1960í agus sna 1970í. Ar an drochuair níl aon sonraí suirbhéireachta ann chun méid an chaillteanais a thomhas in Éirinn.

Le déanaí thiomsaigh an tAontas Eorpach beart chun feirmeoireacht atá báúil don chomhshaol a chur chun cinn agus thug an Roinn Talmhaíochta an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath (REPS) isteach go luath sna 1990í. Áirítear i measc bearta REPS riachtanais agus roghanna éagsúla do bhainistiú fálta sceach ar nós athnuachan fálta sceach agus plandáil nua fálta sceach chun feirmeoirí a spreagadh chun inmharthanacha an fhoinse fál sceach ar a gcuid talún a fheabhsú.

Fálta Sceach faoi bhagairt

Tá fálta sceach á mbaint amach ar ráta scáfar ar fud an chontae agus na cathrach in nGaillimh chun slí a dhéanamh do thithe aon uaire, forbairtí móra tithíochta, píblínte gáis agus scéimeanna bóthair. Baineadh amach iad freisin in áiteanna ar mhaithe le dianshaothrú na talmhaíochta. I roinnt cásanna, tá siad ag dul in éag mar gheall ar easpa bainistithe cuí.

Plandaí Ionracha

Éiríonn plandaí neamhdhúchasacha 'ionrach' uaireanta nuair a scaipeann siad go mear agus nuair a éiríonn leo iomaíocht go rathúil le flora dúchasach agus na speicis dhúchasacha a bhrú amach. Tá speicis ionracha ar cheann de na bagairtí is mó ar an mbithéagsúlacht ar domhan.

I measc na bplandaí ionracha a bhíonn i bhfálta sceach uaireanta bíonn Róslabhras, an ghluaineach bhiorach, gunnera agus an balsam himiléach. Ba chóir na plandaí seo a smachtú nó a scrios nuair is féidir mar gheall ar an mbagairt a dhéanann siad don bhfásra dúchasach.

Is cuid d'oidhreacht agus d'fhéiniúlacht nádúrtha, chultúrtha, stairiúil agus sheaneolaíoch na hÉireann iad na fálta sceach agus ba chóir urraim agus cosaint a thabhairt dóibh dá réir.

Japenese Knotweed
Cóipcheart Grianghraif Elaine O'Riordain.

Fálta Sceach na Gaillimhe: torthaí ar shuirbhé ar fud an chontae

Rinne dhá chomhairleoireacht éiceolaíocha, Janice Fuller (oirthear na Gaillimhe) agus Seirbhísí Comhshaoil Giorria (iarthar na Gaillimhe) suirbhé ar fhálta sceach ar fud chontae na Gaillimhe. Ba í príomhaidhm shuirbhé fálta sceach Chontae na Gaillimhe stádas chomhdhéanamh, struchtúir agus bhainistiú na bhfálta sceach i nGaillimh a dheimhniú, agus moltaí a dhéanamh maidir le caomhnú na bhfálta sceach. Rinne Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae na Gaillimhe an staidéar a choimisiúnú agus tuairiscítear príomhthorthaí an tsuirbhé thíos.

Cólpcheart GrianghrafDave Ruffles

DAVE PHOTO

Fairsinge

Tá líonra fairsing fálta sceach ag Gaillimh agus meastar a fhad ag os cionn 23,000 km! Tá an chuid is mó den líonra in oirthear an chontae. Ní spreagann tírdhreach iarthar na Gaillimhe lena thír-raon atá sléibhtiúil in áiteanna agus le portaigh fhairsinge diansaothrú na talmhaíochta agus tá i bhfad níos lú fálta sceach ann dá bharr sin. Léiríonn na torthaí seo go bhfuil acmhainn mhór fálta sceach i nGaillimh agus gur sócmhainn shárluachmhar í don chontae.

Comhdhéanamh na bhfálta sceach

Sraith Sceacha

Rinneadh ocht gcineál is fiche toir nó crainn ar a laghad a thaifeadadh sa tsraith tor nó sceacha de na sceacha a samplaíodh, rud a léiríonn éagsúlacht agus ilghnéitheacht fheidearthna na bhfálta sceach i nGaillimh. Is crainn iad roinnt de na speicis seo (m.sh. dair, beith agus caorthann) a gearradh chun cuid rosánach na bhfálta sceach a dhéanamh in áiteanna.

Is í an sceach gheal an speiceas is coitianta ar fad atá ar fáil i sceacha i nGaillimh mar atá i gcuid mhaith den tír. I measc na dtor coitianta eile tá draighneán, trom, cuileann, coll, feoras agus pribhéad. Tá aiteann agus saileach níos coitianta i gceantair fhliucha agus in ardtailte. Tá an tor álainn, an fhiúise, planda dúchasach as an tSilé, coitianta i gceantair san iarthar inar cuireadh go foirmiúil í agus tá scaipeadh glasrach déanta aici. Ní bagairt don flora dúchasach é an planda neamhdhúchasach seo, neamhchosúil leis an Róslabhras, atá coitianta chomh maith in iarthar an chontae.

Tábla 1: Cineálacha toir nó crainn atá i sraith tor na bhfálta sceach i nGaillimh

Ainm Coitianta	Ainm Eolaíoch
Sceach Gheal	*Crataegus monogyna*
Draighean	*Prunus spinosa*
Trom	*Sambucus nigra*
Aiteann	*Speiceas Ulex*
Saileach	*Speiceas Salix*
Fuinseog	*Fraxinus excelsior*
Cuileann	*Ilex aquifolium*
Coll	*Corylus avellana*
Feoras	*Euonymous europaeus*
Pribhéad	*Ligustrum vulgare*
Fia-úll	*Malus sylvestris*
Seiceamar	*Acer pseudoplatanus*
Silín fiáin	*Prunus avium*
Póirín sneachta*	*Symphoricarpos albus*
Spionán*	*Ribes uva-crispa*
Fál Bosca*	*Lonicera nitida*
Iúr	*Taxus baccata*
Caorchon	*Viburnum opulus*
Beith	*Speiceas Betula*
Leamhán	*Speiceas Ulnus*
Giolcach Shléibhe	*Cytisus scoparius*
Daimsín*	*Prunus domestica*
Feá*	*Fagus sylvatica*
Fiúise*	*Fuchsia magellanica*
Fearnóg	*Alnus glutinosa*
Caorthann	*Sorbus aucuparia*
Dair	*Speiceas Quercus*
Cótóinéastar*	*Speiceas Contoneaster*

*Plandaí Neamhdhúchasacha

Crainn na bhFálta Sceach

Is iad an fhuinseog agus an sceach gheal na crainn is coitianta atá ar fáil i bhfálta sceach na Gaillimhe (.i. ag fás glan amach os cionn sraith na dtor). Ní bhíonn crainn ar fáil go coitianta i bhfálta sceach in iarthar na tíre. Cuireann crann toise breise struchtúraithe le fálta sceach. Tugann siad foscadh agus scáth do bheostoc agus is féidir adhmad a bhaint astu. Cuireann crainn ionaid fara agus neide ar fáil d'éin i bhfálta sceach, agus baineann ialtóga freisin úsáid astu. Cuireann crainn fhálta sceach go mór le scéimh an tírdhreacha agus tugann siad an tuairim go bhfuil níos mó crainn sa tírdhreach ná mar atá i ndáiríre.

Féitheacha Fhálta Sceach

Tá plandaí adhmadacha féitheacha ar fáil go rialta i sceacha na Gaillimhe. Áirítear eidhneán, dris, féithleann agus rós fiáin ina measc. Cuireann na féitheacha seo le hilghnéitheacht bhláthach an fhál sceach. Cuireann eidhneán foinse bia ar fáil d'fheithidí agus d'éin; tá an-tóir ag gach cineál fiadhúlra ar dhris; baineann leamhain neachtar milis as an bhféithleann nuair a mheallann a bholadh muscach iad san oíche; agus is foinse thábhachtach bia iad bláthanna agus torthaí an róis fhiáin chomh maith.

Saibhreas na speiceas sna Fálta Sceach
Tugann measúnú ar 'shaibhreas speiceas' sceacha na Gaillimhe le fios nach bhfuil mórán éagsúlachta iontu ó thaobh comhdhéanamh na dtor. D'fhéadfadh sé gur mar gheall ar gur tháinig ann do na fálta sceach go measartha déanach i mórán cásanna atá an ilghnéitheacht mheasartha íseal seo iontu, chomh maith le heaspa bainistíochta agus/nó stair úsáid na talún.

Tá measúnú shaibhreas sceacha bunaithe ar líon na speiceas dúchasacha ar feadh fad samplach 30m; meastar gur sceacha le saibhreas speiceas iad sin ina bhfuil ceithre thor fál sceach nó níos mó.

Dá mhéad an ilghnéitheacht tor i bhfál sceach is ea is mó an ilghnéitheacht fiadhúlra a fhaigheann tacaíocht ón bhfál sceach.

Go ginearálta tá fálta sceach cois bóthair i nGaillimh saibhir i speicis agus mar sin ba chóir cosaint a thabhairt dóibh mar gur dócha go dtugann siad tacaíocht do réimse fiadhúlra níos mó fós. Is cosúil go bhfuil críocha bhailte fearainn saibhir i speicis chomh maith agus gur fiú iad a chaomhnú dá bharr sin.

Cineálacha na bhFálta Sceach
Aithníodh cúig ghrúpa nó cineál fálta sceach i nGaillimh, bunaithe ar líon agus ar chineál na dtor a bhíonn sa sceach:

Grúpa 1: Sceacha Aitinn



Aiteann is mó a bhíonn i sceacha sa ghrúpa seo. Is féidir saileach a bheith flúirseach; bíonn sceach gheal agus trom i láthair freisin. Bíonn na fálta sceach seo ar fáil go coitianta i gceantair le hithreacha imeallacha, a bhíonn aigéadach de ghnáth agus ar thalamh ard go minic.

Grúpa 2: Sceacha geala gan mórán speiceas



Is grúpa athraitheach forleathan é seo ina bhfuil sceacha geala chun cinn. Bíonn na sceacha an-bhocht ó thaobh speiceas i gcásanna áirithe, gan ach speiceas amháin eile ar nós draighin nó trom iontu. Is féidir go mbeadh fuinseog (gearrtha chun an tsraith tor a dhéanamh), feoras nó aiteann a bheith ann freisin.

Grúpa 3: Sceacha le cuileann

Bíonn sceacha sa ghrúpa seo comhdhéanta de sceach gheal, draighean, trom, fuinseog agus/nó pribhéad de ghnáth. Is féidir iad a idirdhealú mar gheall ar an gcuileann a bheith i láthair agus mar go mbíonn saibhreas speiceas níos mó iontu ná i sceacha Ghrúpa 2. Tá an grúpa seo níos coitianta in oirthear na tíre.

Grúpa 4: Sceacha le coll agus/nó feoras

Tá na sceacha seo cosúil le Grúpa 3 ach go mbíonn coll agus/nó feoras iontu agus go ginearálta nach mbíonn siad chomh saibhir i speicis. Bíonn beagán cuilinn i láthair freisin uaireanta.

Grúpa 5: Fálta sceach le saileach ar thalamh fhliuch

Is é an speiceas sailí is mó a bhíonn i bhfálta sceach sa ghrúpa seo, agus roinnt den sceach gheal tríd. D'fhéadfadh aiteann, draighean agus pribhéad a bheith i láthair freisin.

Tógáil sceacha

Is mór an éagsúlacht atá i dtógáil fhálta sceach i nGaillimh (.i. an bhfuil balla cloiche nó bruach ann, díog nó draein, líne aonair, dhúbailte nó fhánach tor, srl). Cuireann an éagsúlacht seo in iúl gur tháinig ann do sceacha na Gaillimhe ag amanna éagsúla agus faoi choinníollacha éagsúla. Is gné choitianta de thírdhreach na Gaillimhe an talamh coimín agus bheadh tionchar aige seo freisin ar bhunús agus ar bhainistiú na gcríocha. Is cosúil gur fhás fálta sceach go leor trí sheans ar feadh bhallaí cloiche ach is léir freisin gur cuireadh fálta sceach d'aon ghnó ar bhruacha ithreach, sa chuid is faide soir agus soir ó dheas den chontae go háirithe.

Struchtúr na sceach
Tá formhór fhálta sceach na Gaillimhe measartha ard (>1.5m), leathan (> 1m) agus tomógach agus is dócha dá bharr sin go bhfuil siad an-mhaith don bhfiadhúlra mar go gcuireann siad clúdach agus torthaí ar fáil go flúirseach. Tá an-chuid fianaise ann go bhfuil nasc láidir idir airde agus leithead níos mó i bhfál sceach agus éagsúlacht na n-éan i sceach. Ní bhíonn fás dlúth i mbun a lán fálta sceach áfach agus bíonn siad bearnach go leor, rud a laghdaíonn a luach don bhfiadhúlra.

Stádas Bainistíochta
Tá an chuma ar go leor d'fhálta sceach na Gaillimhe nach ndearnadh bainistiú orthu le tamall nó go bhfuil drochbhainstiú á dhéanamh orthu. Dá méadófaí caighdeán agus méid na bainistíochta ba mhór an feabhas a dhéanamh ar luach éiceolaíoch agus talmhaíochta sceacha na Gaillimhe, agus chinnteofaí inmharthanacht acmhainn na bhfálta sceach sa bhfadtéarma.

Cé go bhfuil formhór na bhfálta sceach ag cloí le críocha gníomhacha páirce, baintear úsáid as sconsaí go forleathan chun cumas na críche i gcoinne stoic a neartú, rud a léiríonn nach n-aithnítear luach nó praiticiúlacht na bhfálta sceach mar chosaint ar stoc.

Ar mhaithe le hinmharthanacht agus le caomhnú fadtéarmach acmhainn fálta sceach na Gaillimhe a chinntiú, is iad an easpa bainistíochta cuí agus an easpa tuisceana faoi luach na bhfálta sceach na fadhbanna is mó.

Toir agus crainn choitianta i bhfálta sceach

Sceach Gheal (Hawthorn) ***Crataegus monogyna***

Déanann an sceach gheal, an tor is coitianta inár bhfálta sceach, taispeánta iontach de bhláthanna bána san earrach agus de chaora dearga ag deireadh an tsamhraidh agus sa bhfómhar. Tá duilleoga na sceiche gile liopach, rud a dheighleann é ón draighean a bhfuil duilleoga simplí ubhchruthacha aige. Mar gheall ar a ghais dheilgneacha tá an sceach gheal an-úsáideach mar fhál sceach i gcoinne stoic. Fásfaidh an sceach gheal i réimse leathan ithreacha ach is fearr leis ithreacha neodracha nó aolsaibhre le huige mheánach nó throm. Is planda crua é a ghlacann le láithreacha nochta. Tá sé an-luachmhar don bhfiadhúlra mar go dtugann feithidí cuairt ar na bláthanna agus go mbíonn an-tóir ag feithidí agus éin ar na torthaí. Tugann an sceach gheal clúdach maith d'éin atá ag neadú nó ar gor.

Draighean (Blackthorn/Sloe) ***Prunus spinosa***

Tor le dealga fada géara a bhíonn le fáil go minic i bhfálta sceach. Seasann an draighean amach go luath san earrach le bláthanna gleoite bána a thagann amach roimh na duilleoga (neamhchosúil leis an sceach gheal, a dtagann a chuid bláthanna amach tar éis na duilleoga). Fásann an draighean i réimse leathan ithreacha ach ní fhásann i gcoinníollacha atá an-fhliuch. Tá sé in ann glacadh le láithreacha nochta agus cois cósta. Is tor dlúth é an draighean, a scaipfidh amach mura ndéantar é a bhearradh siar nó a innilt. Tá na caora cosúil le plumaí beaga ach an-searbh. Tugann an tor dealgach clúdach maith neide d'éin agus is foinse luachmhar bia iad na caora d'éin agus do mhamaigh bheaga. Is planda sceiche den scoth é an draighean má tá sceach chosanta in aghaidh stoic ag teastáil.

Cuileann (Holly) ***Ilex aquifolium***

Tá an cuileann ar cheann den bheagán crann leathanduilleacha síorghlasa dúchasacha atá againn. Crann an-tarraingteach is ea é a bhíonn ag fás go minic i bhfálta sceach agus ar réimse leathan ithreacha. Is féidir le cuileann glacadh le láithreacha nochta agus is iontach an scáth ard foscaidh nó sceach é cé go bhfásann sé go mall. Tá na caora beagán nimhneach ach is breá le héin iad, na smólaigh go háirithe. Is maith an láthair fara é an cuileann do na héin sa gheimhreadh. Is é an príomhphlanda bia é don ghormán cuilinn (féileacán).

Feoras (Spindle) *Euonymous europaeus*

Is tor fál sceach agus coillearnaigh é an feoras atá measartha coitianta (ar ithreacha aolsaibhre go háirithe) ach ní thugtar faoi deara é go minic mar go mbíonn sé neamhfheiceálach an chuid is mó den bhliain. Tagann dath álainn oráiste-bándearg ar na duilleoga sa bhfómhar áfach agus caora geala bándearga a scoilteann chun an síol oráiste laistigh a nochtadh. Ithreacha aolsaibhre is fearr leis an bhfeoras ach is féidir leis glacadh le réimse leathan ithreacha. Tá sé go maith d'fheithidí.

Féithleann (Honeysuckle) *Lonicera periclymenum*

Is féith adhmadach é an féithleann atá ar fáil go coitianta i gcoillearnaigh agus i bhfálta sceach dúchasacha. Is fearr leis ithir neodrach nó aigéadach éadrom. Mar fhéith ní mór an féithleann a chur in aice le balla nó sceach chun go bhfásfaidh sé thairis. Cuireann bláthanna móra taibhseacha an fhéithlinn boladh cumhra uaidh san oíche chun leamhain a mhealladh. Is luachmhar an fhoinse bia d'éin iad na caora geala dearga a thagann ag deireadh an tsamhraidh.

Caorchon (Guelder Rose) *Viburnum opulus*

Is tor an-tarraingteach é an Caorchon a fhaightear uaireanta i bhfálta sceach na Gaillimhe (tá sé níos coitianta i lár tíre). Is fearr leis ithreacha aolsaibhre torthúla cré agus bíonn rath air i gcoinníollacha taise. Bíonn bláthanna áille chomh geal le sneachta air agus tagann caora geala dearga air sa bhfómhar luath. Cuireann dathanna éagsúla oráiste agus dearg ar an duilliúr le taispeántas taibhsiúil an fhómhair. Is planda maith é an caorchon d'fheithidí agus tá an-tóir ag éin ar na torthaí.

Saileach (willow/sally) *Salix*

Tá sailigh éagsúla dúchasacha in Éirinn agus is deacair cuid acu a aithint óna chéile. Glacann siad go léir le hithir thais agus bíonn siad le fáil go minic cois aibhneacha agus lochanna. Fásfaidh siad i láithreacha níos tirime freisin áfach. Is í an tsailchearnach, an tsaileach rua nó coitianta agus an crann sníofa na speicis sailí is forleithne. Is féidir formhór na saileach a fhás go héasca as gearrthóga agus fásann siad go mear. Is crainn agus toir tharraingteacha iad agus iad sármhaith don bhfiadhúlra, go háirithe do fheithidí agus d'éin atá ag neadú. Is foinse thábhachtach neachtair agus pailin do bheacha iad na bláthanna (caitíní) a thagann go luath san Earrach.

Fuinseog (Ash) *Fraxinus excelsior*

Tá an fhuinseog le fáil go coitianta i gcoillearnaigh agus i bhfálta sceach i nGaillimh. Crann breá mór é, a fhásann i réimse coinníollacha seachas ithreacha aigéadacha nó portaigh. Is féidir leis glacadh le hithreacha taise troma agus bíonn neart solais uaidh chun fás go maith. Is féidir leis fás i láithreacha nochta gaothshéide i gceantair chósta. Bíonn an-tóir ag éin, mamaigh bheaga agus ioraí rua ar na síolta.

Cóipcheart Grianghraif John Conaghan

Caomhnú na bhfálta sceach

Na saincheisteanna

Tá fálta sceach éagosúil le gnáthóga leathnádúrtha nó nádúrtha eile a meastar gur fiú iad a chaomhnú (m.sh. portaigh agus coillearnaigh) mar mbraitheann a mbuaine ar idirghabháil an duine. Mura ndéantar bainistiú ar sceacha déantar línte crann díobh agus athraíonn a bhfeidhm, a struchtúr agus a luach don bhfiadhúlra.

Ni féidir caomhnú fálta sceach a mheas gan a bhfeidhm thalmhaíoch a áireamh. Tá an talmhaíocht ag athrú in Éirinn agus líon na ndaoine a bhfuil spéis acu i slí bheatha sa bhfeirmeoireacht ag titim go mór le blianta anuas. Léiríonn Suirbhé Fálta Sceach Chontae na Gaillimhe go bhfuil feirmeoirí ag brath go mór ar sconsaí cumas cosanta na gcríocha páirce i gcoinne stoic a choinneáil. Cé go bhfuil foscadh á sholáthar acu fós d'ainmhithe agus do bharraí, is féidir go bhfuil luach talmhaíoch na bhfálta sceach ag meath. Conas is féidir luach na bhfálta sceach a fheabhsú d'fheirmeoirí? Sin í an cheist. Ní mór do na fálta sceach a bheith cost-éifeachtach mar chríocha chun freastal ar riachtanais an fheirmeora nó an úinéir talún.

Tá comhthéacs tírdhreacha na bhfálta sceach tábhachtach dá luach éiceolaíoch. Bheadh luach níos airde ag fálta sceach atá nasctha le gnáthóga eile fiadhúlra ar nós coillearnaigh nó tailte fliucha mar chuid de líonra éiceolaíoch ná cinn gan nasc. Ar an lámh eile, ní bheidh aon tearmann eile ach iad don bhfiadhúlra sna fálta sceach atá lonnaithe i gceantair diantalmhaíochta. Cabhraíonn fálta sceach atá nasctha le fálta sceach eile chun gnáthóga fiadhúlra ar fud an tírdhreacha a nascadh le chéile.

Moltaí um chaomhnú fálta sceach

1. Ba chóir tús áite a thabhairt d'fhálta sceach, do sceacha ar chríocha bhailte fearainn agus cois bóthair atá saibhir i speicis.

2. Cuireann fálta sceach cois bóthair fráma ar an tuath do gach úsáideoir bóthair agus méadaíonn scéimh an tírdhreacha, agus ba chóir iad a choinneáil i bhforbairtí nua dá bhrí sin. Más gá iad a bhaint amach, ba chóir fálta sceach dúchasacha a chur in áiteanna eile.

3. Ba chóir plandlanna agus ionaid garraíodóireachta i gContae na Gaillimhe a spreagadh chun stoc crann agus tor dúchasacha a choinneáil.

4. Tá bainistiú cuí ar fhálta sceach riachtanach chun acmhainn inmharthanach fálta sceach a chaomhnú.

Treoracha um bhainistiú fhálta sceach

1. Ba chóir fálta sceach a ghearradh ar a dtaobh agus cruth garbh A a chur orthu, ach an barr a bheith saor chun cruth crainn a fhás. Má ghearrtar go próifíl mar seo iad beidh na fálta sceach úsáideach don talmhaíocht (.i. tabharfaidh siad cosaint in aghaidh stoic) agus beidh luach ard éiceolaíoch acu. Cuirtear próifíl i gcruth A chun cinn i mBileoga Bainistiú Fálta Sceach na heagraíochta Teagasc, le buaic ard agus barr scothánach (féach www.teagasc.ie).

2. Níor chóir airde na sceach a laghdú faoi bhun 1.5 méadar.

3. Ba chóir fálta sceach a bhearradh in uaineacht trí bliana nó mar sin dar le treoracha Teagasc (www.teagasc.ie). Cinnteoidh sé seo go mbeidh roinnt fágtha gan chur isteach ar mhaithe le fiadhúlra. Ar mhaithe le sábháilteacht bóithre beidh gá le bearradh bliantúil in áiteanna. Níor chóir fálta sceach a bhearradh ná a ghearradh ach i míonna an gheimhridh (féach thíos).

4. Ní mór níos mó crainn a chur agus crainn óga a choinneáil i bhfálta sceach chun leibhéal na gcrann i bhfálta sceach na Gaillimhe a mhéadú.

5. Ba chóir speicis áitiúla, ón gceantar áitiúil más féidir, a úsáid chun fálta sceach nua a chur.

6. Ba chóir plandaí ionracha a fhaightear i bhfálta sceach (m.sh. Róslabhras, gliúineach bhiorach agus balsam himiléach) a smachtú.

Fálta sceach a chosaint i bhforbairtí nua

Conas fálta sceach atá ann a choinneáil
Nuair a bhíonn suíomh á fhorbairt, ba chóir gach iarracht a dhéanamh fálta sceach atá ann cheana a chaomhnú. Nuair a bhíonn fál sceach le caomhnú, ba chóir é a chosaint ó gach gníomhaíocht tógála trí sconsa láidir a thógáil, agus nach ndéanfaí ionad dumpála de le linn na tógála. Sábhálfar cuid mhór airgid má choinnítear fálta sceach timpeall ar chríoch suímh seachas sconsaí nua nó ballaí cloiche a thógáil. Déanfaidh sé leas iontach don bhfiadhúlra chomh maith.

Is féidir fálta sceach atá ann cheana a fheabhsú le bearradh, leagan, agus plandáil i mbearnaí mar is gá. Tugann Teagasc, An Chomhairle Oidhreachta, ENFO agus Crann (féach Aguisín 1) comhairle ar a suímh idirlín agus i bhfoilseacháin éagsúla faoi bhainistiú fálta sceach.

Conas fál sceach a bhogadh
Má tá fál sceach cois bóthair á bhaint amach agus suíomh nua tithíochta á fhorbairt, cén fáth nach smaoineofaí ar an bhfál sceach a bhogadh chun críoch nua a dhéanamh don suíomh ag an láthair is oiriúnaí? Má tá tochaltóir ar an suíomh chun dúshraith agus/nó seirbhísí a thochailt, d'fhéadfaí é a úsáid freisin chun plandaí fhál sceach a bhogadh. Ní mór a bheith an-chúramach agus fál sceach á bhogadh áfach, agus tá tiománaí oilte tochaltóra ag teastáil a thuigeann go soiléir gur gá an damáiste do thoir fhál sceach a choinneáil chomh beag agus is féidir.

Má tá fál sceach á bhogadh, ní mór é a dhéanamh le linn an gheimhridh nuair a bhíonn na plandaí suanach (deireadh mhí na Nollag go deireadh mhí Mhárta). Ba chóir na plandaí a ghearradh siar nó a bharrscoitheadh go géar sula mbaintear amach iad. Ba chóir iad a ardú go han-chúramach le buicéad tochaltóra agus gach iarracht a dhéanamh an damáiste do fhréamhacha agus do ghais a laghdú. Ba chóir

Dhéanfadh fál dúchasach cóiriú teorann níos tarraingtí agus níos tairbhí don timpeallacht.

Coinníodh fál aibí laistigh den Eastáit seo.

na plandaí a chur láithreach go cúramach isteach i dtrinse ullmhaithe. Ba chóir iarracht a dhéanamh gan an ithir a chomhdhlúthú trí innealra trom a thiomáint ar shuíomh an fhál sceach 'nua'.

Conas seanfhál sceach a athnuachan
Is féidir le seanfhálta sceach nach ndearnadh bainistiú orthu le tamall a spreacadh a chailliúint agus éirí ard agus bearnach. Chun a luach mar chríoch cosanta ar stoc a fheabhsú nó má tá siad á gcoinneáil i bhforbairt nua, is féidir iad a athnuachan le barrscoitheadh, leagan agus inphlandáil mar is cuí. Níor chóir obair dá leithéid a dhéanamh ach le linn míonna an gheimhridh nuair a bhíonn na plandaí suanach.

Teagasc

Tá bileoga eolais éagsúla tiomsaithe ag Teagasc faoi fhálta sceach, lena n-áirítear ábhair ar nós fálta sceach nua a chur, athnuachan fálta sceach, luach na bhfálta sceach, gnáthbhearradh fhálta sceach agus fál sceach a chur le gearrthóga. Tá na bileoga seo go léir ar fáil ar shuíomh idirlín comhshaoil: www.environment.teagasc.ie

Sceacha agus an dlí

Is é an geimhreadh an t-am is fearr chun fálta sceach a ghearradh nuair a bhíonn plandaí suanach agus séasúr na nead thart. Cuireann sceacha gnáthóg neide den scoth ar fáil do mhórán dár gcuid éan tuaithe. Bíonn fálta sceach ar borradh le gníomhaíocht san earrach agus sa samhradh agus an fiadhúlra ag baint úsáide go líonmhar as réimse leathan bia agus foscadh atá ar fáil sna sceacha.

Cuireann an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000 toirmeasc ar fhálta sceach a ghearradh sa tréimhse ríthábhachtach neadaithe san earrach agus sa samhradh (1 Márta go dtí an 31 Lúnasa) mar gheall ar an tionchar dochrach ar éin atá ag neadú ar ar an gcuid eile den bhfiadhúlra. Is beag cosaint eile atá ag sceacha sa reachtaíocht agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach go gcloítear le srianta ar ghearradh sceacha mar go bhfuil fálta sceach ríthábhachtach mar acmhainn don bhfiadhúlra. Déan teagmháil leis an maor caomhnaithe áitiúil má tá imní ort faoi ghearradh fhálta sceach, go háirithe gearradh meicniúil, i do cheantar féin.

Fálta sceach dúchasacha nua a chur

Is rómhinic a chuirtear speicis sceacha neamhdhúchasacha ar chríocha suíomh tithíochta (m.sh. cufróg Lawson, Leylandii, Grisialinia). Is féidir go leor speiceas dúchasacha tor agus crann beaga a úsáid chun fálta sceach an-tarraingteacha agus feidhmiúil a tháirgeadh, agus bíonn a n-úsáid níos oiriúnaí do shuíomh tuaithe.

Tugtar achoimre d'airíonna na bpríomhthor agus na

bpríomhchrann atá le fáil i bhfálta sceach na Gaillimhe in Aguisín 2 agus laistigh den chlúdach cúil. Cabhróidh an liosta seo leat toir agus crainn a phiocadh chun fálta sceach nua dúchasacha a chur.

Tá sé riachtanach an suíomh a ullmhú chun go n-éireodh le sceach nua fás. Tochail an ithir go doimhneacht 25cm agus 50 cm ar leithead timpeall méadar ó sconsa nó balla. Scaip aoileach feirme, muirín ghairdín nó leasachán mallscaoilte ar feadh bhun na trinse chun cabhrú leis na crainn agus na toir tosach maith a fháil.

Chun fiailí a chur faoi smacht b'fhiú smaoineamh ar chlúdach talún geoteicstíle a úsáid. Scaip amach é thar an ithir ullmhaithe roimh phlandáil agus tochail na taobhanna isteach chun nach séidfear ar shiúl é.

Is iad plandaí le fréamhacha loma an rogha plandála is fearr ach meabhraigh nach féidir iad a chur ach ó dheireadh mhí na Nollag go deireadh Mhárta. Is féidir plandaí i bpotaí a úsáid freisin.
Cuir na plandaí fréamhloma ar maos i mbuicéad uisce ar feadh uaire nó mar sin roimh phlandáil. Cuir spás 25-40cm idir gach crann agus tor ar feadh an trinse. Ba chóir na plandaí sceiche a phlandáil i sraith dhúbailte thuislithe. Coinnigh greim ar na plandaí, ceann ar cheann, agus clúdaigh na fréamhacha go cúramach le hithir.

Déan iarracht a chinntiú go mbíonn an crann nó an tor curtha ag an doimhneacht ag a raibh sé sa phlandlann. Ba chóir go mbeadh sé seo beagán os cionn na bhfréamhacha is airde agus é marcáilte le hathrú datha ar an ngas. Tig le crann lobhadh má chuirtear ró-dhomhain é agus is féidir leis triomú má bhíonn an phlandáil ró-éadomhain. Nuair a bhíonn na plandaí uile curtha, daingnigh an ithir timpeall na bhfréamhacha go cúramach le do chois agus cuir neart uisce orthu tar éis na plandála chun an ithir a shocrú timpeall na bhfréamhacha.

Le cinntiú gur fás 'tomógach' a bheidh ar do chuid plandaí agus nach mbeidh na plandaí scaoilte ag an

ngaoth, gearr siar a leath ar laghad iad (is féidir sceach gheal a ghearradh siar go 10cm).
Má tá clúdach talún á úsáid, gearr crosa beaga ann chun na toir bheaga a chur tríothu agus fill ar ais ina n-ionad iad timpeall ar bhun an phlanda nuair bhíonn sé curtha. Scaip sraith de choirt stiallta, gairbhéal nó slisíní adhmaid thar an gclúdach talún.

Cuir uisce ar sceach nuachurtha le linn tréimhsí tirime agus tarraing fiailí atá ag athchóiliníu siar ón gclúdach talún le linn an tséasúr fáis. Mura mbaineann tú úsáid as clúdach talún geoteicstíle, is féidir scotháin féir a scaipeadh a bun na sceithe chun fiailí a choinneáil síos.

Meabhraigh nach mór sceacha a ghearradh! Fásfaidh a lán plandaí fál sceach ina gcrainn bheaga nó ina dtoir mhóra mura mbearrtar iad.

Sula roghnaíonn tú speicis d'fhál sceach nua dúchasach, féach ar fhálta sceach sa tírdhreach máguaird le fáil amach cad atá iontu agus smaoinigh ar na speicis chéanna a úsáid. Má úsáidtear réimse speiceas cruthaítear sceach níos tarraingtí atá níos luachmhaire don bhfiadhúlra (féach Aguisín 2 ar an gclúdach cúil istigh le haghaidh smaointe). Is iad an sceach gheall agus an draighean na toir is coitianta i bhfálta sceach na Gaillimhe. Tá eolas breise faoi phlandáil fhálta sceach ar fáil i bhfoilseacháin Teagasc agus Crann agus ar a gcuid suíomh idirlín (Aguisín 1).

Plandaí atá oiriúnach d'fhálta sceach dúchasacha:
Sceach Gheal, pribhéad, draighean, féithleann, feirdhris, coll, caorchon, feoras, cuileann, silín agus aiteann*

Talamh fliuch: saileach, fearnóg
Crainn fhál sceach: fuinseog, fia-úll, fionncholl
* Is féidir leis a bheith ionrach ach glacann go han-mhaith le suímh nochta

Speicis sceiche atá le seachaint i gceantair tuaithe:
Seiceamóir, póirín sneachta, bosca, róslabhras, cufróg, leylandii agus labhras silíní (mar gheall ar fhás ionsaitheach nó codanna den phlanda a bheith nimhneach).
Tá Grisilinia agus Escallonia níos oiriúnaí i suíomh fhobhailteach ná faoin tuath.

Aguisín

Aguisín 1:

Teagmhálacha úsáideacha

Comhairle Contae na Gaillimhe
www.galway.ie

An Oifig Oidhreachta
www.galway.ie/en/services/heritage

Tionscadal Daoine agus Dúlra
www.galway.ie/en/services/heritage/BiodiversityProject/

Crann
www.crann.ie

ENFO
www.enfo.ie

Cumann Lucht Sábhála Shíolta na hÉireann
www.irishseedsavers.ie

An Chomhairle Oidhreachta
www.heritagecouncil.ie

An tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
www.npws.ie

Teagasc
www.teagasc.ie and www.environment.teagasc.ie

The Hedgelaying Association of Ireland
Miskaun, Ballinamore, Co. Leitrim
hlai@eircom.net

Comhairle na gCrann
www.treecouncil.ie

Aguisín 2:

Crainn agus toir fhálta sceach dúchasacha agus a gcuid airíonna

Ainm Coitianta	Ainm Laidne	Roghanna Ithreach	Glacann le roinnt scáth	Glacann le nochtadh	Ráta Fáis	Luach Bithéagsúlachta	Gnéithe Tarraingteacha
Fearnóg, Choitianta	*Alnus glutinosa*	Fásann i réimse leathan coinníollacha,agus in ithreacha fliucha			Mear	Éin, feithidí, ioraí, crotal	Cóin
Fia-úll*	*Malus sylvestris*	Bíonn rath air sna hithreacha is torthúla (nach mbíonn aigéideach ná fliuch)			Mall	Éin, feithidí	Bláthanna agus torthaí
Fuinseog*	*Fraxinus excelsior*	Fásann i réimse leathan ithreacha (neamhaigéideach)		Glacann**	Meán	Éin, ialtóga, feithidí, ioraí, crotal	Duilliúr
Draigheann	*Prunus spinosa*	Fásann i réimse leathan ithreacha		Glacann**	Meán	Éin agus feithidí	Bláthanna, caora

Ainm Coitianta	Ainm Laidne	Roghanna Ithreach	Glacann le roinnt scáth	Glacann le nochtadh	Ráta Fáis	Luach Bithéagsúlachta	Gnéithe Tarraingteacha
Silín fiáin	*Prunus avium*	Is fearr leis ithreacha torthúla le deadhraenáil atá beagán aigéideach	Glacann		Mear/ Meán	Éin, feithidí	Bláthanna, caora, dathanna fómhair
Feirdhris	*Rosa canina*	Fásann i réimse leathan ithreacha (neamhaigéideach)			Mear	Éin, feithidí	Bláthanna, caora
Trom	*Sambucus nigra*	Fásann i réimse leathan ithreacha (neamhaigéideach)			Mear	Éin, feithidí	Bláthanna, caora
Leamhán Sléibhe	*Ulmus glabra*	Is fearr leis ithreacha torthúla deadhraenáilte	Glacann		Meán	Feithidí, ioraí, crotail, brosna	Dathanna fómhair
Aiteann Coitianta	*Ulex europaeus*	Is fearr leis ithir thirim neodrach nó aigéadach		Glacann**	Meán	Feithidí	Bláthanna
Caorchon	*Viburnum opulus*	Is fearr leis ithreacha taise aolsaibhre	Glacann		Meán	Éin, feithidí	Bláthanna, caora, dathanna fómhair
Sceach Gheal	*Crataegus monogyna*	Fásann i réimse leathan ithreacha (neamhaigéideach)	Glacann	Glacann	Mear/ Meán	Éin agus feithidí	Bláthanna, caora
Coll	*Corylus avellana*	Fásann i réimse leathan ithreacha (neamhaigéideach)	Glacann		Mear/ Meán	Éin, ialtóga, feithidí, ioraí, crotal	Caitíní, cnónna
Cuileann	*Ilex aquifolium*	Fásann i réimse leathan ithreacha	Glacann	Glacann	Meán/ Mall	Éin, feithidí crotail	Síorghlas, caora bláthanna,
Féithleann	*Lonicera periclymenum*	Is fearr leis ithir neodrach nó aigéadach	Glacann		Meán	Éin, feithidí	Bláthanna, caora
Caorthann*	*Sorbus aucuparia*	Fásann i réimse leathan ithreacha		Glacann	Mear	Éin, feithidí, crotail	Bláthanna, caora
Feoras	*Euonymous europaeus*	Is fearr leis ithreacha taise aolsaibhre	Glacann		Meán	Feithidí	dathanna fómhair, caora
Fionncholl	*Sorbus aria*	Is fearr leis ithreacha lime-rich soils	Glacann	Glacann**	Meán	Éin, feithidí	Bláthanna, caora
Saileach	*Salix species*	De ghnáth is fearr leis ithreacha taise le huigeacht throm go meánach		Glacann	Mear	Éin, feithidí, crotail, fungais, Brosna	Caitíní, Dathanna fómhair

*** Oiriúnach mar chrann fál sceach; ** Glacann le suímh cois cósta;**
De réir Fuller, J. 2007. Buds of the Banner. Clare County Council, Ennis.